—1986—

# Ó Chill go Cré: Léamh ar Shaothar Uí Chadhain

Gearóid Denvir
(Cathaoirleach: Breandán Ó Buachalla)

Tréith bhunúsach de chuid litríocht na Gaeilge ó thús ama, agus go deimhin de chuid mhaith de litríocht Bhéarla na hÉireann chomh maith, is ea an dáimh a léirítear iontu idir an duine agus a cheantar dúchais. Ní mórtas cine amháin is bunús do ghné seo an dinnseanchais. Is cuid bhunúsach é de thaithí phearsanta agus de shaoldearcadh an ghnáthdhuine, cosaint, ar bhealach, ar an saol mór amuigh. Ní ábhar iontais ar bith, mar sin, nuair a thug Máirtín Ó Cadhain faoin scríbhneoireacht den chéad uair i 1920í déanacha na haoise seo gurb é pobal Chois Fharraige, an ceantar sin cois Caoláire a shíneas ó Chnoc na Cathrach siar le cladach go Ros a' Mhíl Cois Cuain, a chuir sé i láthair. Tá bunáite na léirmheastóirí ar aon intinn faoi na lochtanna atá ar shaothar luath Uí Chadhain, go háirithe sa chéad dá chnuasach *Idir Shúgradh agus Dáiríre* (1939) agus *An Braon Broghach* (1948). Is geall cuid mhaith de na scéalta sa dá chnuasach seo le cuntas ó shaothar na n-antraipeolaithe éagsúla a rinne cur síos, mar dhóigh de, ar shaol tuaithe (iarthar) na hÉireann, ó cheannródaíocht Arensberg go dtí teachtairí Árann, John Messenger agus a bhean. Déantar an inseacht chomh maith de réir mhodhanna traidisiúnta Gaelacha na litríochta réigiúnaí agus litríocht na hAthbheochana a bhí faoi lánseol ag an am. Is geall le hachoimre ar shaol an duine sa chomhthionól fuinniúil fuinte, *local organic community* Eliot a dtráchtann Ó Cadhain air in *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca* (1969), cuid mhaith den saothar luath. Is í aidhm an duine i saol seo an chomhthionóil fhuinniúil fhuinte slí bheatha agus mhaireachtála a bhaint amach ainneoin, i bhfriotal Uí Dhireáin,

'mórchuid cloch is gannchuid cré i ndúthaigh dhearóil na muintire'. An té a mbeadh neart coirp agus intinne aige, agus a bheadh cúramach, seasmhach, agus thar aon ní eile, seiftiúil i mbun a chuid oibre, bheadh leis.

Is é an talamh, a sheilbh agus a shaothrú, bun agus barr choraíocht seo an duine lena thimpeallacht d'fhonn a shlí bheatha a bhaint amach. Is é an gabháltas a thugas buanaíocht agus ionad cinnte d'fhear agus is comhartha follasach sothomhaiste ar a dhul chun cinn sa saol (nó a mhalairt, ar ndóigh) an chaoi a n-éiríonn leis an gabháltas sin a shaothrú. Is feall le fíoradh ar theoiricí Uí Chorcra maidir le tábhacht na talún i litríocht na Gaeilge an dáimh a airíos cuid de charachtair Uí Chadhain leis an talamh. Dúirt Nóra faoina fear Micil in 'An Strainséara': 'Bhí an cor caoin ina láimh i gcionn na talúna seo. Ba chomaoin dó: bhí muintir Chéide dhá dheargadh le naoi nglúin'. Ba láidre fós a labhair a athair le Micil ar leaba a bháis:

> Fágfaidh mé agat an geadán talúna, a Mhicil,' adúirt sé. 'Tusa an naoú glúin de na Céide ann. Níl a shárú ar an mbaile—ná ar an gceathrú, dhá n-abrainn é. Lig uait do bhean, a Mhicil. Lig uait do chapall, do bhó, do phéire bróg, do róipín láir agus do léine. Ach ná lig uait talamh mhuintir Chéide, dhá mba le greim fiacal aníos as d'uaigh a choinneofá é.

Grá paiseanta den chineál céanna don talamh féin atá le fáil i gcuid mhaith de shaothar Patrick Kavanagh, agus go háirithe in *Tarry Flynn* a foilsíodh den chéad uair in 1948, bliain roimh *Cré na Cille*:

> Tarry's face was half covered with mud from wiping the sweat off with wet muddy hands. If Mary Reilly saw him now what would she say? Not that at that moment he'd care, for now he was hot with a profounder passion. … Even all the work he had done in that bit of a morning would tell in the meadow in winter. A powerful job.

I léirmheas a scríobh sé féin ar úrscéal seo Khavanagh, agus ar fiú é a lua sa chomhthéacs seo, dúirt an Cadhnach gurbh inseacht fhírinneach a bhí ann ar shaol an fheilméara bhig murab ionann agus 'saol aoibhinn na tuaithe a léiríos colúnóirí páipéir nuaíochta nár oibrigh ariamh seachtain ar fheilm. Is é saol scrúdtha na tuaithe atá aige ar gach uile leathanach: an chré scrúdtha, an cholainn scrúdtha, an croí atá dhá scrúdadh ag an iomarca carn aoiligh agus ag teirce bláthanna. Is é an sású is mó ag Tarry ar ghorta seo a spride a chroí a líonadh le snua agus le baladh na bhfialus. Tá fiaile ar feadh an leabhair.' Aisteach go leor, is in intinn mná a chuir an Cadhnach féin an ráiteas is paisiúnta dá chuid, b'fhéidir, faoin talamh nuair a dúirt Mairéad in 'Ciumhais an Chriathraigh':

> É a thriomú. Cuid suntais a dhéanamh dhe. An saol a chur ag caint air amhail is dá mba ar niamhinín é nó ar éachtmhac. Cuimhne a bheith ar a saothar fós mar bhí anois ar